Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Aighneacht Gaeloideachas don Straitéis Náisiúnta Míchumais

Feabhra 2024

Faisnéis fút

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, roimh an deis aighneacht a chur chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag freagairt do chuireadh ar aighneacht maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais.

Díreofar ar shainriachtanais na hearnála luathbhlianta agus oideachais lán-Ghaeilge agus na pobail lena mbaineann san aighneacht seo.

Ceisteanna

Ceist 1: Cé na hathruithe a mheasann tú a bheith tábhachtach chun a chinntiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas in Éirinn lánchuimsithe sa tsochaí ar aon dul le fís UNCRPD?

Le cinntiú go bhfuil córas iomlán ionchuismitheach oideachais ann, tá gá le córas atá in freastal ar riachtanais chuile fhoghlaimeora agus baill foirne i dtimpeallacht ina bhfuil:

- baill foirne mhuiníneacha a bhfuil sainoiliúint is traenáil chuí curtha orthu.
- timpeallachtaí fisiciúla tacúla ann atá deartha mar is cuí agus inrochtana do chách.
- curaclam inrochtana inoiriúnaithe do gach cumas foghlama, riachtanais agus spéise.
- acmhainní tacaíochta cuí ar fáil.
- polasaithe agus córais a chinntíonn go bhfuil an deis chéanna foghlama agus oibre ag cách.
- rochtain ar thacaíochtaí cuí lasmuigh den naíonra nó seomra ranga, má tá sé sin ag teastáil, atá curtha in oiriúint do riachtanais an duine aonair agus nach scaireann ón bpobal áitiúil nó óna bpiaraí iad.
- treoir agus polasaithe soiléire ar chonas tacú le páistí agus daoine óga i mbealach ionchuimsitheach páistelárnach ceartabhunaithe.
- tacaíochtaí cúnta cuí ar fáil do dhaoine a bhfuil difríochtaí cumarsáide acu, daoine ar bheagán cainte nó daoine neamhlabhartha san áireamh.

Ní i gcónaí a mbraitheann tuismitheoirí agus cúramóirí muiníneach as tabhairt le fios go bhfuil riachtanais speisialta ag a gcuid páistí sula gcláraíonn siad le seirbhís luathbhlianta iad. Dá mbeadh cearta reachtúla acu ina leith, laghdódh sé imní na dtuismitheoirí nach mbeadh áit ar fáil dóibh. Tá ró-éileamh suntasach ann ar líon an-ard naíonraí agus scoileanna agus níl soláthar lán-Ghaeilge ar bith ar fáil i gceantair eile fiú, le ganntanas mór ranganna luath-idirghabhála agus ranganna speisialta sa soláthar bunaithe. Ag leibhéal polasaí, más é an chomhairle reatha atá ann ná an méid ranganna luath-idirghabhála agus ranganna speisialta a mhéadú, níl aon amhras ach go bhfuil breis soláthair ag teastáil trí mheán na Gaeilge agus treoir chuí riachtanach chun a chinntiú go gcuirtear deiseanna fónta ar fáil do scoláirí imeascadh lena bpiaraí.

Is gá AIM a fheabhsú le go mbeidh deis chothrom ag páistí tairbhe a bhaint as seirbhísí luathbhlianta trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair, níl na tacaíochtaí ná baill foirne speisialta ar fáil a bhfuil na scileanna agus inniúlacht chuí sa Ghaeilge leis an scéim a sholáthar. Anuas air sin, tá ganntanas mór acmhainní AIM ar fáil i nGaeilge agus acmhainní ar bith ann atá curtha in oiriúint go sonrach do shainriachtanais pháistí dátheangacha agus pháistí atá sa chóras tumoideachais.

Ta ganntanas múinteoirí ann ag gach leibhéal den chóras tumoideachais, agus tá gá le forbairt ghairmiúil leanúnach agus sainoiliúint chuí a chur ar fáil dóibh siúd atá ann la cabhrú leo an freastal is fearr a dhéanamh ar pháistí le riachtanais speisialta. Anuas air sin, tá easpa mór cúntóirí riachtanais speisialta agus daoine proifisiúnta eile (e.g. síceolaithe oideachais agus soláthróirí teiripe) atá in ann a gcuid seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, mar aon le heaspa clár, idirghabhálacha, treoirlínte, acmhainní measúnaithe, teagaisc agus digiteacha cuí trí Ghaeilge atá dírithe go sonrach ar riachtanais speisialta sa suíomh tumoideachais. Tá liostaí an-fhada feithimh ann don mhéid teoranta seirbhísí atá ar fáil.

Tá impleachtaí móra ag díolúine ó staidéar na Gaeilge do pháistí le riachtanais speisialta. Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go gcaithfidh an prionsabail imeasctha a bheith mar bhonn faoi chinntí ar pholasaí agus cleachtais maidir le díolúine. Dírítear ar an ngá atá le deis a thabhairt dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais speisialta acu leas a bhaint as an dara teanga a fhoghlaim trí phlé leis an teanga ag leibhéal a oireann dóibh féin ó thaobh cumais agus riachtanais de.

Ceist 2: Cad is gá a dhéanamh chun go mbainfear na hathruithe sin amach?

Reachtaíocht a thabhairt isteach le cearta a thabhairt do leanaí agus páistí óga i leith seirbhísí luathbhlianta. Idirghabháil straitéiseach le cinntiú go bhfuil soláthar áitiúil agus leordhóthanach tumoideachais ar fáil ag an trí leibhéal – naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil – ar bhonn náisiúnta, agus go bhfuil ranganna luath-idirghabhála agus ranganna speisialta iontu.

Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa scéim AIM agus cúram ar leith tugtha le cinntiú go bhfuil riachtanais seirbhísí tumoideachais san áireamh.

Céimeanna a ghlacadh le dul i ngleic leis an nganntanas múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, daoine proifisiúnta, acmhainní agus seirbhísí le suíomhanna tumoideachais, idir naíonraí agus scoileanna, a chumasú le freastal ar riachtanais an phobail. Forbairt ghairmiúil leanúnach chuí a bheith ar fáil d'fhoireann na naíonraí agus scoileanna agus sainchúrsaí oiliúna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge dírithe ar shainriachanais uathúla an chórais.

Athbhreithniú ceart agus cuimsitheach a dhéanamh ar cheist na díolúine. Seachas díriú ar dhíolúintí an chéad uair, go ndéanfaí socruithe difriúla idir churaclam, oideolaíocht agus

measúnú chun foghlaim an dara teanga dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais speisialta a éascú de réir dúshláin áirithe a bheadh rompu.

Ceist 3: Cén chuma a bheadh ar straitéis atá curtha chun feidhme go rathúil? Mar shampla, cé na feabhsuithe, i do thuairim, ba cheart a bheith tagtha ar an saol do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn ag deireadh aon straitéise cúig bliana?[1]

Go mbeadh fáil ar áit chuí i seirbhís luathbhlianta nó scoil lán-Ghaeilge do gach leanbh agus páiste gur mian leo é ina gceantar áitiúil, le tacaíocht chuí ar fáil dóibh agus dá dtuismitheoirí le lán-tairbhe a bhaint as córas tumoideachais ionchuismiteach.

Ceist 4: Cuir in iúl dúinn aon tuairimí eile atá agat agus atá ábhartha don Straitéis Náisiúnta Míchumais nua. (300 focal ar a mhéad)

[1] Tabhair faoi deara, le do thoil, nár deimhníodh fad na straitéise go fóill.